28 Aibreán 2023

Nuachtlitir Theanga Tí

CLÁR
2 Scéal le Donach - Caoimhe agus an Bogha Báistí
3 Clár Imeachtaí Teaghlaigh
4 Rannóg na nÓg - Cluichí do pháistí
5 Fógraí

Deireadh Seachtaine Teaghlaigh

8-10 Meán Fomhair 2023

Tá Glór na nGael ag tabhairt aghaidh ar Charn Tóchair i mbliana arís do dheireadh seachtaine teaghlaigh Uladh. Is áit speisialta ar fad í An Carn, le scoth na ndaoine ann chomh maith le tearmann dúlra, gníomhaíochtaí eachtraíochta, caife, siopa, amharclann agus lóistín ar an suíomh. Tá gach eolas thíos maidir leis an deireadh seachtaine agus is féidir tuilleadh eolais a fháil ó Shinéad ag na sonraí thíos.

Deireadh Seachtaine Teaghlaigh 2023

Má tá suim agaibh bheith linn don deireadh seachtaine seo, b'fhiú daoibh scairt a chur orainn go luath mar go bhfuil na spásanna teoranta. Déan teaghmháil le Sinéad ar: sinead@glornangael.ie nó 0834497443

LÓISTÍN:
An Carn féin: Tá dhá teach ag An Carn le trí sheomra leapa, cistin & seomra suí iontu. Bíonn teaghlaigh éagsúla ag roinnt na dtithe agus tá doras idir na tithe. Tá na seomraí measartha mór mar sin is féidir le teaghlach fanacht in aon seomra amháin, ag brath ar aoiseanna & líon na ndaoine.
Eolas: https://ancarn.org/what-we-do/facilities-for-hire/an-teach-glas/?lang=ga

Carntogher Cabins: Tá ceithre bhothán aonáracha ann le seomra ina bhfuil leaba dúbailte agus bunc singil, agus seomra beag ina bhfuil cistin beag agus leaba thoilg ann fosta, chomh maith le seomra folctha. Spás do chúigear. Tá tobán te ag gach bothán ach is costas £30 sa bhreis é sin.
Eolas: https://www.carntoghercabins.com/

Bia: Tá cistin sna tithe ach cuirfear bia ar fáil do theaghlaigh ar an Satharn (bricfeasta, lón & dinnéar) & maidin Dé Domhnaigh.

Imeachtaí samplacha (Clár samplach ó 2017)
Beidh muid ag glacadh le hiarratais léirithe spéise ar dtús le haoiseanna na rannpháirtithe a mheas, ansin cuirfear an clár in oiriúint don aoisghrúpa is mó éilimh.

Aoine: Nuair a shroicheann na teaghlaigh An Carn beidh deis againn aithne a chur ar a chéile. Beidh imeachtaí spraíúla réchúiseacha curtha ar fáil do dhaoine i ndiaidh an taistil.
Satharn: Caithfidh muid an lá i dTearmann Dúlra Dhroim nDamh. Beidh boghdóireacht, tógáil tearmainn, cluichí foirne agus léar mór eile ar fáil ag brath ar aoisghrúpa na rannpháirtithe.
Agus muid ag ligint ár scíth i ndiaidh an lá a chaitheamh amuigh faoin aer déanfaidh muid giota beag bácáil le chéile, rud sultmhar do na páistí. Beidh dinnéar ann agus ansin giota am saor ina dhiaidh. San oíche beidh imeacht ar siúl ar nós seisiún, nó oíche scannáin mar shampla.
Domhnach: Beidh bricfeasta againn agus le críoch a chur ar an deireadh seachtaine, déanfaidh muid cúpla imeacht spraíúil eile le chéile chun muid a thabhairt chuig an deireadh, b'fhéidir deis eile dul ar an chaisleán preabtha agus fuinneamh na bpáistí a úsáid suas roimh an turas abhaile. Tá muid ag súil go mbeidh muid críochnaithe faoi 12pm ach ní gá do theaghlaigh fanacht do sin.

Caoimhe agus an Bogha Báistí

Ní maith le Caoimhe torthaí. Ach is breá léi dathanna an bhogha báistí. Déanann Mamaí margadh cliste léi a mbíonn toradh an-sláintiúil air! Leabhar gleoite a mheallfaidh idir óg is aosta. **Cliceáil anseo thíos agus éist le Donach ag léamh an scéal.**

SUÍOMH SIOPA UDAR!!



Teideal: Caoimhe agus an Bogha Báistí
Údar: Siobhan Grogan
Maisitheoir: Róisín Curé

Rannóg na nÓg

le crosfhocail.ie



Síos

1 An tríú mí den bhliain (5)
2 Iasc mór baolach, Jaws mar shampla (5)
3 Toradh crua a itheann íora rua (3)
4 Cipín cuimhne don ríomhaire (6)
6 Leabhrán a cheadaíonn duit dul ó thír go tír (3)
7 Guth; eagraíocht náisiúnta Gaeilge —— na nGael (4)
10 Ní eitleoidh éan gan seo (6)
11 An áit is ísle (3)
13 Nóinín, rós, tiúilip mar shampla (5)
14 An duine, an pearsa (2)
16 Cárta tábhachtach i gcluiche cártaí (3)
18 I bhfad ón talamh (3)

Trasna

2 Is fiú seo achur ar bun an leaba um Nollag (5)
5 Áird, an bhealach atá tú ag dul (4)
6 Comhartha grá , beola go beola (3)
8 Sionnach, madra ___ (3)
9 Meánach, ag croí an bhaile mar shampla (3)
10 Ainmhí réamach a ritheann go tapaí ach a snámhaíonn chomh maith (3)
12 Cosainr don chos (4)
13 Ag bogadh go tapaidh, go tobann ó ard go híseal (3)
15 Fainleog, spideog, cuach mar shampla (3)
17 Teach an Uachtaráin(4)
19 Gluais tríd an uisce le cumhacht do lámha agus do chosa



TÁ AN RÉITEACH ANSEO

babhla, citeal, cuisneoir, cupán, cófra, doirteal, forcanna, gabhdán, leacht, meaisín níocháin, pláta, pota, sceana, sconna, soithí, sorn, spúnóga, tarraiceán, éadach

p	s	o	i	t	h	í	u	b	n	s	a
d	o	i	r	t	e	a	l	c	á	o	l
l	f	t	s	a	l	g	b	r	e	r	h
a	l	o	a	c	a	a	i	h	c	n	b
s	g	e	r	b	e	o	c	l	i	í	a
c	c	ó	h	c	e	a	a	i	a	o	b
o	u	d	n	n	a	e	n	t	r	c	c
n	á	p	s	ú	t	n	á	a	r	h	ó
n	c	i	á	i	p	l	n	i	a	á	f
a	u	e	c	n	p	s	b	a	t	i	r
c	n	í	s	i	a	e	m	t	p	n	a
l	e	a	c	h	t	h	c	a	d	a	é

TÁ AN RÉITEACH ANSEO



Imeachtaí Teaghlaigh

Aibreán 2023

26/4/23 @10:30
Scéalta agus Rannta Le Chéile,
Leabharlann Phoiblí Dr. Patrick Hillary,
Sráid na Catharach,Co. an Chláir V95 D857

27/04/23 @10:30
Grúpa Tuistí & Leanaí, an Ómaigh. Ionad: Dún Uladh
Dún Uladh, Bóthar Bhaile na Mullán, An Ómaigh, Tír Eoghain BT79 0GZ

29/4/23 @10:00
Seisiúin Scéalaíochta páistí 8-11 bliana d'aois, le Cill Dara le Gaeilge
Leabharlann Nás na Ríogh

09/5/23 @10:00
Seisiúin Scéalaíochta páistí 0-8 bliana d'aois, le Cill Dara le Gaeilge
Leabharlann Nás na Ríogh

11/05/23 @10:30
Grúpa Tuistí & Leanaí, an Ómaigh. Ionad: Dún Uladh
Dún Uladh, Bóthar Bhaile na Mullán, An Ómaigh, Tír Eoghain BT79 0GZ

13/5/23 @10:00
Seisiúin Scéalaíochta páistí 0-8 bliana d'aois, le Cill Dara le Gaeilge
Leabharlann Nás na Ríogh

Bealtaine 2023

02/5/23 @ 11:00
Rannta agus Dánta, grúpa súgartha
Leabharlann Dhún Garbhán, Port Láirge

04/05/23 @10:30
Grúpa Tuistí & Leanaí, an Ómaigh. Ionad: Dún Uladh
Dún Uladh, Bóthar Bhaile na Mullán, An Ómaigh, Tír Eoghain BT79 0GZ

06/05/2023 @11:00
Séisiún Céadfaí do Leanaí Áras Chronáin, Baile Átha Cliath

18/05/23 @10:30
Grúpa Tuistí & Leanaí, an Ómaigh. Ionad: Dún Uladh
Dún Uladh, Bóthar Bhaile na Mullán, An Ómaigh, Tír Eoghain BT79 0GZ

21/05/23 @11:00 Scéalaíocht le Nichole Ó Laochdha Leabharlann Chorcaí, 57 Grande Parade, Cathair Chorcaigh

27/5/23 @10:00
Seisiúin Scéalaíochta páistí 8-11 bliana d'aois, le Cill Dara le Gaeilge
Leabharlann Nás na Ríogh

Faigheann Glór na nGael maoiniú ó:
Foras na Gaeilge
An Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán
Department of Tourism, Culture, Arts, Gaeltacht, Sport and Media
Crannchur Náisiúnta
S20 STRAITÉIS 20 BLIAIN DON GHAEILGE 2010-2030
Ár dTeanga, Ár bPobal